



Athbhreithniú Bliantúil 2015

*Leabharlann
Náisiúnta
na hÉireann*

National Library
of Ireland



Leabharlann Náisiúnta na hÉireann

Athbhreithniú Bliantúil 2015

Arna foilsíú ag Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, Baile Átha Cliath

© Bord Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, 2016

Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2, Éire

Teileafón: +353 1 603 0200

Facs: +353 1 676 6690

R-phost: info@nli.ie

Suíomh Gréasáin: www.nli.ie

Íomhá chlúdaigh ©Cahir Davitt / Davitt Photography

Clár Ábhar

1.0	MAIDIR LEIS AN NLI	3
2.0	TUAIRIMÍ AN CHATHAOIRLIGH	4
3.0	BROLLACH AN STIÚRTHÓRA	5
4.0	ACMHAINNÍ	6
5.0	2015 AR SRACFHÉACHAINT	7
6.0	FORBHREATHNÚ AR PHRÍOMHRÉIMSÍ OIBRE 2015	8
6.1	Líon na gCuariteoirí	9
6.2	Bailiú	12
6.3	Taispeántais	15
6.4	Imeachtaí agus For-rochtain	18
7.0	OBAIR AN NLI LE COMHPHÁIRTITHE SEACHTRACHA	21
8.0	TACÚ LEIS AN NLI	22
9.0	BRONNTÓIRÍ 2015	24



oom.


Maidir leis an NLI

Ba sa bhliain 1877 a bunaíodh Leabharlann Náisiúnta na hÉireann (NLI), atá lonnaithe ar Shráid Chill Dara, Baile Átha Cliath, in aice le Tithe an Oireachtais. Sa lá atá inniu ann, áirítear léi an Chartlann Náisiúnta Ghrianghrafadóireachta i mBarra an Teampaill agus Oifig Phríomh-Aralt na hÉireann. Déanann an Leabharlann comhchuimhne na nÉireannach, sa tír seo agus thar lear, a bhailiú agus a chur ar fáil, agus breis agus 10 milliún mír faoina seilbh, a chuimsíonn leabhair, nuachtáin, lámhscríbhinní, priontaí, líníochtaí, ábhar gearrshaolach, grianghraif agus na meáin dhigiteacha.

Idir lámhscríbhinní Gaelacha ón 14ú haois agus shuíomhanna Gréasáin ón 21ú haois, idir pháipéir de chuid Yeats agus Joyce agus shaothar de chuid scríbhneoirí comhaimseartha Éireannacha, stór oidhreacht náisiúnta scríofa na hÉireann is ea an NLI. Chomh maith leis sin, caomhnaíonn sí stair phearsanta i bhfoirm mórchartlann litreacha, grianghraf agus dialann, mar aon le foinsí stair theaghlaigh amhail cláir pharóiste na hEaglaise Caitlicí.

Gach bliain, fáiltíonn an NLI roimh na céadta míle cuairteoir a fhéadann taighde a dhéanamh sna bailiúcháin, taispeántais nuálacha agus cláir nuálacha do theaghlaigh agus d'fhoghlaimeoirí ar feadh an tsaoil a iniúchadh agus stair a dteaghlaigh a aimsiú tríd an tseirbhís comhairle saor in aisce. Bíonn níos mó agus níos mó dá cuid bailiúchán á gcur ar fáil do dhaoine ar fud an domhain tríd an suíomh Gréasáin agus trí ardáin amhail registers.nli.ie. Tá dámhachtainí bronnta ar an NLI i leith na láithreachta atá aici ar Twitter, ar Facebook agus ar Flickr Commons. .

Is féidir tuilleadh faisnéise a fháil faoin NLI ag www.nli.ie.



Tuairimí an Chathaoirligh

Tá sé ina onóir dom agus tá ríméad orm a bheith ar an gCathaoirleach nuacheaptha ar Leabharlann Náisiúnta na hÉireann agus bheith in ann seirbhís a thabhairt do cheann de na forais chultúir is mó aitheantas sa tír.

Bhí an iomaí éacht iontach ann san NLI sa bhliain 2015. Tugtar breac-chuntas ar roinnt mhaith díobh san Athbhreithniú seo. Ón taobh straitéiseach de, tá éacht amháin ann lena mbaineann tábhacht ar leith agus atá ar cheann de na tionscadail is suntasaí faoinar thug an Leabharlann riamh.



Lá suntais don Leabharlann agus, go deimhin, do ghinealas na hÉireann a bhí sa Chéadaoin, an 8 Iúil 2015. Ba ar an lá sin a bhí Enda Kenny, an Taoiseach, agus Heather Humphreys, an tAire Ealaíon, Oidhreacht, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta, i bhfeighil ag seoladh Chlár na bParóistí Caitliceacha digitithe ag an NLI. Meastar an stór Gréasáin uathúil taifead seo a bheith ar an bhfoinse aonair faisnéise is tábhachtaí ar stair theaghlaigh Éireannach roimh Dhaonáireamh 1901. Tá digitiú na dtaifead sin bunaithe go daingean ar thiomantas an NLI don oscailteacht agus don inrochtaineacht agus tá bonneagar digiteach agus saineolas an NLI mar bhonn agus thaca leis. Ón uair a seoladh registers.nli.ie i leith, tá rochtain ag daoine ar fud an domhain ar thaifid lena gclúdaítear 1,086 pharóiste ar fud oileán na hÉireann. Idir seoladh an tsuímh Ghréasáin i mí Iúil agus deireadh mhí na Nollag 2015, bhain 330,000 úsáideoir uathúil úsáid as agus amharcadh ar leathanaigh an tsuímh breis agus 5.5 milliún uair.

Tá foireann thiomanta dhícheallach na Leabharlainne Náisiúnta i gcoirlár gach ruda a dhéanaimid. Bhí páirt lárnach ag an bhfoireann i mbaint amach na n-éachtaí go léir a dtugtar breac-chuntas orthu san Athbhreithniú seo, d'ainneoin an laghdaithe ar acmhainní a phléitear go minic. Leanfaidh mise agus an Bord ar aghaidh ag obair ar son na leibhéil mhaoinithe a thabhairt ar ais chuig na leibhéil a bhí ann roimh an ngéarchéim gheilleagrach. Chuirfeadh sé sin ar chumas na Leabharlainne Náisiúnta a sainordú is leithne agus is uailmhianaí do mhuintir na hÉireann a chomhlíonadh.

Garspíoc thábhachtach sa bhliain 2015, agus ceann ar chuir an Bord fearadh na fáilte roimhe, ba ea fógra an Rialtais faoin bplean infheistíochta caipitil don Leabharlann. Leis an maoiniú sin, cuirfear ar chumas na Leabharlainne dul chun cinn a dhéanamh ar a pleananna maidir lena ról stairiúil a chaomhnú agus a fhorbairt mar fhoras foghlama, cultúir agus taighde agus mar áit cruinnithe shóisialta agus intleachtúil ina bhféadann gach duine, beag beann ar a gcúlra, oibriú le chéile ar thionscadail choiteanna nó tabhairt faoina spéiseanna aonair agus faoi fhoghlaím ar feadh an tsaoil.

D'fhoill é sin a bhaint amach, díreoidh an Leabharlann ar dhaoine mar chuid dhílis dár bpleanáil agus na foirgnimh a oscailt suas chun a chinntiú go bhfuil siad fáilteach, inrochtana agus sábháilte do chách. Scoth an tsaothair ón am atá thart, go háirithe an Seomra Léitheoireachta aitheanta, seomra ag a bhfuil baint mhór leis an stair agus leis an saol liteartha, déanfaidh an Leabharlann í a cheangal le scoth an tsaothair ón am i láthair d'fhoill eispéireas sármhaith cultúrtha a chur ar fáil.

Táimid fíorbhuíoch de gach duine de na bronnóirí a thug ábhar tábhachtach go fial don Leabharlann sa bhliain 2015. Ní féidir áibhéil a dhéanamh faoin tábhacht a bhaineann le tacaíocht dhaonchairdiúil agus airgeadais, i dteannta an phróimh-mhaoinithe a fhaighimid ón Stát, maidir leis an méid a fheabhsaíonn sí ár gclár agus a chuireann sí leis.

Sa bhliain 2015, áiríodh leis an tacaíocht sin tacaíocht fhlaithiúil a fuarthas ó Joseph Hassett le haghaidh na léachta bliantúla ar Yates agus maoiniú a fuarthas ó Ambasáid na Breataine in Éirinn le haghaidh roinnt gnéithe dár gcuid oibre ar eispéireas na hÉireann le linn an Chéad Chogaidh Dhomhanda, a chuimsigh dhá thaispeántas agus seimineár poiblí saor in aisce ar Gallipoli.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liomsa, thar ceann an Bhoird agus thar mo cheann féin, buíochas ó chroí a ghabháil leis an Dr Sandra Collins, an Stiúrthóir, agus lena foireann as a n-obair dhícheallach leantach agus as a dtiomantas leantach. Táim ag súil le hoibriú le chéile chun neartú a dhéanamh ar acmhainn na Leabharlainne maidir le seirbhísí a sholáthar in Éirinn agus ar fud an domhain trí rochtain ar líne. Ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil leis an Aire agus lena foireann sa Roinn Ealaíon, Oidhreacht, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta aAas an tacaíocht leantach a thugann siad don Leabharlann agus as an spéis leantach a chuireann siad inti.

I dteannta mo chomhghleacaithe ar an mBord, táim ag súil le hoibriú leis an Leabharlann le go mbeidh sí in ann a háit mar chuid dhílis de chultúr, d'fhoghlaím agus de shochaí na hÉireann a fhorbairt agus lena chinntiú go mbeimid in ann ár gclár uailmhianach a chomhlíonadh sa bhliain le teacht agus sa todhchaí.

A handwritten signature in black ink that reads "H. Paul Shovlin".

H. Paul Shovlin
Cathaoirleach, NLI

Brollach an Stiúrthóra



Bliain ghnóthach speisialta do Leabharlann Náisiúnta na hÉireann a bhí sa bhliain 2015.

Bonn agus bunchloch na Leabharlainne Náisiúnta iad na bailiúcháin náisiúnta. Is bailiúcháin bhuana iad na bailiúcháin agus is féidir le gach duine iad a rochtain. Taifeadtar cuimhne na hÉireann iontu agus ligtear dúinn leo scéal na hÉireann a insint don domhan mór. De réir mar a éiríonn an domhan níos digití, déanaimid iarracht foirmeacha nua de chuimhne dhigiteach a ghabháil.

Ón mbliain 2007 i leith, tá an Leabharlann ag tabhairt faoi chartlannú Gréasáin chun an taifead Éireannach ar líne, ar sampla dár gcuid dhigiteach é, a chaomhnú do na glúine le teacht. Sa bhliain 2015, rinneamar breis agus 220 suíomh Gréasáin a bhailiú agus a chaomhnú, lena áiríodh suíomhanna Gréasáin agus tvúiteanna a bhaineann leis na feachtais um an reifreann ar chomhionannas pósta, i measc nithe eile. Leanaimid leis an obair sin i gcomhpháirt leis an Internet Memory Foundation, ár gcomhpháirtí cartlannaithe Gréasáin, chun a chinntiú go ndéantar ábhar Éireannach ar líne a bhailiú agus a chaomhnú do chách. Is féidir gach ceann dár suíomhanna Gréasáin cartlannaithe a rochtain go réidh trínár gcatalóg ar líne.

Áirítear le bailiúcháin ilchineálacha na Leabharlainne Náisiúnta páipéir uathúla eastát talún, páipéir pholaitiúla, lámhscríbhinní Gaeilge, grianghraif agus léarscáileanna agus ábhair théatair nua-aimseartha Éireannaigh agus dhrámaíochta nua-aimseartha Éireannaí. Cuireadh leo i mí na Nollag 2015 nuair a cheannaíomar an chéad dréacht de 'Juno and the Paycock' le Sean O'Casey, sárshaothar iontach den téatar Éireannach. Bhíothas in ann déanamh amhlaidh mar gheall ar an maoiniú speisialta a leithdháil Heather Humphreys, an tAire Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta agus an maoiniú meaitseála a fuarthas ó Iontaobhas Leabharlann Náisiúnta na hÉireann. Chuir an chomhpháirtíocht sin ar ár gcumas an lámhscríbhinn le O'Casey a thabhairt ar ais go hÉirinn.

Ós rud é gurb é an Leabharlann Náisiúnta atá ionainn, sprioc thábhachtach dár gcuid is ea for-rochtain a dhéanamh ar áiteanna lasmuigh dár bhfoirgnimh fhisiceacha. Ar fud na bliana, tugadh ár dtaispeántais chuig 13 láthair timpeall na tíre agus is féidir ár mbailiúchán fairsing ardcháilíochta d'inneachar ar líne a rochtain go réidh ar fud an domhain. I gcomhpháirt le hÉigse Éireann, reáchtáladar an comórtas bliantúil léite filíochta dar teideal Filíocht os Ard don naoú bliain i ndiaidh a chéile. Bhíomar i dteagmháil le hiar-bhunscoileanna fud fad oileán na hÉireann. D'fháiltíomar roimh bhreis agus 1,800 iontráil, ar líon curiarrachta iontrálacha é, sa bhliain 2015 agus roghnaíodh na dánta ceaptha ó chanóin fairsing WB Yeats chun comóradh 150 bliain bhreith an fhile a cheiliúradh.

Forbairt iontach i mí Dheireadh Fómhair 2015 ba ea fógairt ár mórthaispeántais idirnáisiúnta chun saol agus saothar Seamus Heaney, buaiteoir dhuais Nobel, a cheiliúradh. Tá an taispeántas le hoscailt sa bhliain 2017 agus bainfear leas ann as cartlann liteartha fairsing an scríbhneora, rud a bhronn Seamus Heaney go fial don Leabharlann Náisiúnta sa bhliain 2011. Beidh an taispeántas seo ar an gcéad taispeántas san Ionad Cultúir agus Oidhreachta nua in ionad Bhanc na hÉireann ar Fhaiche an Choláiste agus meallfaidh sé cuairteoirí ó áiteanna ar fud an domhain chun na hÉireann.

Fuair an Leabharlann Náisiúnta dea-scéala nuair a d'fhógair an tAire Humphreys mórfheallán infheistíochta caipitil le haghaidh ár bpríomhfoirgnimh i mí na Samhna 2015. Táimid an-bhuíoch den Aire agus dá Roinn agus d'Oifig na nOibreacha Poiblí as a dtiomantas agus a dtacaíocht maidir leis an tsaincheist thábhachtach sin. Bunathróidh sé ár gcúram do bhailiúcháin agus ár seirbhísí poiblí chun feabhais agus ligfidh sé dúinn an Leabharlann Náisiúnta a athshamlú trínár spásanna fhisiceacha.

Ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil lenár mBord agus lenár bhfoireann as a dtiomantas daingean don Leabharlann Náisiúnta ar fud na bliana 2015. Ba mhaith liom an-bhuíochas a ghabháil leis an iomad bronnóir, urraitheoir agus comhpháirtí atá againn. Is go mór a shaibhríonn a bhflaithiúlacht an Leabharlann Náisiúnta ar an oiread sin bealaí.

Tar éis na chéad bhliana atá caite agam i mo phost úr, táim go mór faoi chomaoin ag an iomaí bealach difriúil a chruthaíonn daoine ar fud an domhain dáimh leis an Leabharlann Náisiúnta, mar shampla trí scéalta pearsanta corraitheacha, trí fhionnachtana léinn agus taighde nó tríd an bpléisiúr simplí a ghabhann le píos oidhreachta Éireannaí a aimsiú lena gcruthaítear ceangal leis an tír dhúchais. Tá bród orm as an méid sin fós. Táim ag súil le tuilleadh blianta gnóthacha san am atá le teacht.

Dr Sandra Collins

An Dr Sandra Collins
Stiúrthóir, an NLI

Buiséad

B'ionann leithdháileadh 2015 an NLI ón Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta le haghaidh pá, speansais reatha agus speansais chaipitil agus €7075 milliún don bhliain 2015, ar mhéadú 11.6% i gcomparáid leis an leithdháileadh sa bhliain 2014 é. Ba é athbhunú an bhuiséid ba chúis le €600,000 den mhéadú sin. Leithdháileadh an chuid eile chun an tseachtain féilire pá sa bhreis a bhí ann sa bhliain 2015 a chlúdach.

Líon Foirne

Bhí 95 duine ar an fhoireann san NLI ag deireadh na bliana 2015 agus ba é 88.49 an choibhéis lánaimseartha (tar éis socruithe oibre páirtaimseartha a chur ar áireamh). Bhí 9 bpost shealadacha ar áireamh san fhigiúr líon foirne don bhliain 2015:

- Triúr mac léinn iarchéime a fostaíodh ar chonarthaí bliana agus a bhí i mbun oibre ar thionscadail Taighde, Leabharlainne agus Chartlainne. Tá clár bliantúil an NLI do mhic léinn i bhfeidhm le 17 mbliana anuas. Leis an gClár Taighde do Mhic Léinn, tugtar deiseanna do mhic léinn iarchéime stair na hÉireann tuilleadh forbartha a dhéanamh ar a scileanna taighde agus ar a n-eolas ar bhunfhoinsí. Leis na Cláir Leabharlainne agus Chartlainne, tugtar deis leithleach don chéimí ar mian leis gabháil do ghairm ghairmiúil mar leabharlannaí nó mar chartlannaí tuiscint dhomhain a ghnóthú ar na príomhghnéithe d'obair leabharlainne agus chartlainne, lena n-áirítear catalógú, caomhnú agus digitiú.
- Intéirneach caomhnaithe ar chonradh bliana. Ón mbliain 2007 i leith, táthar ag déanamh óstáil ar chéimithe déanacha sainchúrsaí caomhnaithe páipéar agus/nó leabhar leis an gclár intéirneachta seo. Tá an clár á chómhaoiniú ag an gComhairle Oidhreacht. Leis an scéim, tacaítear le forbairt ghairmiúil na gcaomhnóirí óga agus, mar gheall ar an gclár, bhíothas in ann na céadta mír uathúil leabharlainne a chaomhnú.
- Triúr cúntóirí oideachais ar chonarthaí dhá bhliain. Tacaíonn na cúntóirí oideachais le hobair na roinne For-rochtana maidir le for-rochtain ar dhaoine ar fud na tíre, le taispeántais a mbaineann tábhacht náisiúnta leo a tháirgeadh agus a léiriú agus le spriocphobail nua a thabhairt chuig an Leabharlann Náisiúnta. Cuireann na ról sin feabhas mór ar luach infheistíocht reatha an Stáit i mbailiúcháin agus i seirbhísí na Leabharlainne Náisiúnta maidir le for-rochtain ar shaoránaigh agus ar chuairoteoirí.
- Beirt fhorbróirí bogearraí ar chonarthaí 3 bliana. Leis na poist sin, cuireadh ar chumas an NLI dul chun cinn a dhéanamh ar gach gné dá clár digiteach sa bhliain 2015, lena n-áiríodh forbairt shuíomh Gréasáin Chlár na bParóistí Caitliceacha a bhfuil dámhachtainí buaite aige. Chomh maith leis sin, bhíothas in ann, toisc na poist a bheith ann, tabhairt faoin obair fhairsing forbartha ar an stór digiteach chun cóiríocht a chur ar fáil do 23,000 mír dhigitithe a bhain le comóradh céad bliain 1916.

2015 ar sracfhéachaint



BREIS AGUS **248,000**
CHUAIRT SA BHLIAIN **2015**



CHUAIRT
TAIGHDE

CAOMHNAÍODH
BREIS AGUS **220**
SUÍOMH GRÉASÁIN



CATALÓGAÍODH



LEABHAR

BREIS AGUS **37,000**



LEANTÓIR



IDIRGHNÍOMHAÍOCHT AR
FUD PHRÓIFÍLÍ AR LÍNE
AN NLI

(SUÍOMH GRÉASÁIN AN NLI, FLICKR
COMMONS AGUS REGISTERS.NLI.IE)

THUG **15,859** NDUINE
CUAIRT AR **280**

CEANN DE THURAI, DE
CHAINTEANNA, DE CHEARDLANNA
AGUS DE THAIBHITHE



AR TUGADH BREIS AGUS
150,000 
CUAIRT SAN IOMLÁN ORTHU

TUGADH
TAISPEÁNTAIS
CHUIG



A close-up, teal-tinted photograph of an ornate metal door handle. The handle is highly decorative, featuring intricate scrollwork and a curved, claw-like grip. It is mounted on a wooden door. The background is blurred, showing more of the door's surface and another handle.

Forbhreathnú ar Phríomhréimsí Oibre 2015


Líon na gCuartheoirí

Cuartheoirí ar an NLI - Suíomhanna Fisiciúla agus Imeachtaí / Gníomhaíochtaí

Taifeadadh 248,836 chuairt ar an NLI le linn na bliana 2015. Cuairteanna taighde a bhí i 62,061 cheann de na cuairteanna sin. Tugadh na cuairteanna ar an bPríomhsheomra Léitheoireachta, ar Sheomraí Léitheoireachta na mBailiúchán Speisialta nó ar an Seomra Stair Theaghlaigh san NLI.


Ba é an suíomh ba mhó cuairt sa Leabharlann ná taispeántas an NLI faoi Yeats. Tugadh 66,808 gcuart air, ar mhéadú 6% é ar an bhfigiúr don bhliain 2014. Ba iad an taispeántas dar teideal Éire le linn an Chéad Chogaidh Dhomhanda (50,379 gcuart) agus an tSeirbhís Stair Theaghlaigh (42,702 chuairt) na suíomhanna ba mhó cuairt ina dhiaidh sin.

Déantar achoimre sa tábla thíos ar líon na gcuartheanna ar shuíomhanna agus ar ghníomhaíochtaí difriúla laistigh den NLI don bhliain 2015.



Líon na gCuartheoirí de réir Míosa

Ba í mí Mheán Fómhair an mhí ba ghnóthaí sa bhliain 2015 maidir le cuairteanna ar an NLI, agus 26,610 chuairt tugtha ar áitribh dár gcuid sa mhí sin. Ba iad mí Lúnasa (25,762 chuairt) agus mí Iúil (25,752 chuairt) na míonna ba ghnóthaí ina dhiaidh sin. Ba í mí na Nollag an mhí ba chiúine, agus 13,044 chuairt tugtha ar an NLI lena linn.





Taighdeoirí ag obair le bailiúcháin an NLI mar chuid de Thionscadal Cheiliúr na nÉan.

Cuairteoirí ar Líne

Rinneamar infheistíocht shuntasach in úsáideoirí agus i leantóirí a mhealladh chuig ár bpróifíl ar líne. Is é www.nli.ie suíomh Gréasáin an NLI agus tá ceithre phróifíl sna meáin shóisialta againn:

1. Flickr Commons: www.flickr.com/photos/nlireland/
2. Facebook: www.facebook.com/NationalLibraryofIreland
3. Twitter: www.twitter.com/nlireland
4. Vimeo: <https://vimeo.com/nlieventarchive>

Ina theannta sin, sheol an NLI 'Cláir na bParóistí Caitliceacha ag an NLI' ag registers.nli.ie i mí Iúil 2015, rud a mheall breis agus 5.5 milliún amharc ar leathanaigh ón uair a seoladh é agus deireadh na bliana. Tugadh 1.27 milliún cuairt ar nli.ie agus bhí 14.29 milliún amharc ar phróifíl an NLI ar Flickr Commons ann.

Ag deireadh na bliana 2015, bhí 16,415 leantóir ag an NLI ar Facebook agus bhí 20,630 leantóir aici ar Twitter. Léiríodh gur mhéadaigh an líon daoine atá ag leanúint an NLI faoi 30% sa bhliain 2014 i gcás an dá phróifíl.

Cuairteoirí / Leantóirí ar an Suíomh Gréasáin agus ar na Meáin Shóisialta, 2015	
	2015
nli.ie	1,270,529
registers.nli.ie	5,553,736*
Amhairc ar Flickr Commons	14,296,735
Leantóirí ar Facebook	16,415
Leantóirí ar Twitter	20,630
Vimeo	5,265

*Seoladh registers.nli.ie i mí Iúil 2015.

Seo iad na trí phostáil ba mhó éileamh ar Facebook agus ar Twitter, lena áiríodh sonraí clúdaigh agus rannpháirtíochta:

Na Postálacha ba mhó Éileamh ar Facebook



The National Library of Ireland's web-repository of parish records dating from the 1740s to the 1880s is now live. It provides unlimited access to all members of the public to records covering 1,000 parishes across the island of Ireland.



Lucht féachana/éisteachta: 32,015 dhuine | An líon daoine a chuir 'is maith liom' in iúl: 908 nduine | An líon uaireanta a comhroinneadh é: 418 n-uair



The NLI will make its collection of Catholic parish register microfilms freely available online on a dedicated website on 8 July 2015. Full details are available here: <http://www.nli.ie/en/list/latest-news.aspx...>

Lucht féachana/éisteachta: 30,864 dhuine | An líon daoine a chuir 'is maith liom' in iúl: 701 dhuine | An líon uaireanta a comhroinneadh é: 281 uair



All Souls' Day, 1916. Memorial handbill for those executed or who were killed during Easter Week 1916.




Lucht féachana/éisteachta: 18,296 dhuine | An líon daoine a chuir 'is maith liom' in iúl: 550 duine | An líon uaireanta a comhroinneadh é: 128 n-uair

Na Tvuíteanna ba mhó Éileamh



Happy Birthday to Mr Joyce and his novel Ulysses, who both came into the world on 2 February (1882 and 1922).



Imprisean: 49,513 cinn | Nithe a ndearnadh 'Roghanna' díobh: 160 ceann | Tvuíteanna a cuireadh ar aghaidh: 270 ceann



Make sure to look up if you're attending the parish registers launch today #ancestorsonline



Imprisean: 29,032 cheann | Nithe a ndearnadh 'Roghanna' díobh: 21 cheann | Tvuíteanna a cuireadh ar aghaidh: 25 cinn



Michael Collins leaving Earlsfort Terrace, where the Second Dáil ratified the Anglo-Irish Treaty on this day in 1922.



Imprisean: 18,273 cinn | Nithe a ndearnadh 'Roghanna' díobh: 79 gcinn | Tvuíteanna a cuireadh ar aghaidh: 96 cinn

Bailiú

Leabhair, Nuachtáin agus Tréimhseacháin

Acmhainn fhíorluachmhar a bhfuil rochtain ag gach duine uirthi atá i mbailiúcháin chlóite na Leabharlainne Náisiúnta.

Tá an Leabharlann i dteideal cóip a fháil de gach leabhar arna bhfoilsíú in Éirinn faoi ní ar a dtugtar taisce dhlíthiúil. Sa bhliain 2015, d'éiligh an NLI 2,751 fhoilseachán ó fhoilsitheoirí Éireannacha faoi taisce dhlíthiúil agus fuair sí 1,852 cheann díobh. Ceannaíodh 1,007 leabhar a bhaineann le hÉirinn agus fuarthas 242 brontanas.

Rinneadh 12,887 gcinn d'úrleabhair agus de sheanleabhair a chatalógú le linn na bliana. Áiríodh leo sin leabhair ó Chnuasach Leabhar WB Yeats (cnuasach an fhile féin) agus leabhair ó chnuasach Holloway.

Rinneadh gach eagrán de 246 theideal nuachtáin a bhailiú, na páipéir náisiúnta agus áitiúla uile ina measc. B'ionann iad sin agus 9,702 nuachtán aonair san iomlán. Bailíodh 3,876 thréimhseachán freisin.



Sa phictiúr: an Dr Sandra Collins, Stiúrthóir an NLI, agus an tAire Heather Humphreys i gcruacha leabhar an NLI.

Bailiúcháin Speisialta: Lámhscríbhinní, Priontaí agus Líníochtaí, Ábhar Gearrshaolach agus Grianghraif

Cuid dhílis de scéal na hÉireann atá i mbailiúcháin speisialta leithleacha na Leabharlainne Náisiúnta.

B'ann do 163 mhír a tháinig i seilbh na mBailiúcháin Speisialta (Lámhscríbhinní, Priontaí agus Líníochtaí, Ábhar Gearrshaolach agus Grianghraif) le linn na bliana 2015. Bronnadh 52 ábhar ar na bailiúcháin lámhscríbhinní sa bhliain 2015. Ceannaíodh 38 gcinn díobh freisin. Tugadh 22 bhronntanas a chuimsigh priontaí agus líníochtaí, tugadh 22 bhronntanas a chuimsigh ábhar gearrshaolach agus ceannaíodh 9 mír. Ceannaíodh 9 mír agus tugadh 11 bhronntanas do na bailiúcháin grianghrafadóireachta freisin.

	Bronntanais	Ceannacháin
Lámhscríbhinní	52	38
Priontaí agus Líníochtaí	22	-
Ábhar gearrshaolach	22	9
Grianghraif	11	9

Bailiúcháin Dhigiteacha

D'fhone lóirí leathan ar an saol in Éirinn a thabhairt, tá sé rithábachtach go gcuirtear bailiúcháin dhigiteacha le bailiúcháin fhisiceacha an NLI. Is éard atá sna bailiúcháin dhigiteacha sin ná acmhainn fhíorluachmhar le haghaidh taighde amach anseo agus comhlánaíonn siad bailiúcháin an NLI a chuimsíonn lámhscríbhinní agus leabhair chlóite, nuachtáin agus ábhar gearrshaolach.

Tá ról gníomhach á ghlacadh i gcartlannú Gréasáin ag an Leabharlann Náisiúnta ón mbliain 2007 i leith agus tá cartlannú roghnaíoch téamach Gréasáin á dhéanamh aici ón mbliain 2011 i leith. Sa bhliain 2015, caomhnaíodh geall le 230 suíomh Gréasáin atá bainteach leis na hábhair seo: an Reifreann ar Chomhionannas Pósta (féach na buaicphointí), Comóradh 150 Bliain bhreith WB Yeats, Deich mBliana na gCuimhneachán, Buiséad 2016, Féilte, Turasóireacht agus Sláinte, Leas agus Tithíocht.

Buaicphointí ó thaobh Bailiú agus Catalógú de


Ar na buaicphointí ar leith bhí fáil an chéad dréachta de 'Juno and the Paycock' le Sean O'Casey, Bailiúchán Gri-anghrafadóireachta Christopher Robson agus bailiú na suíomhanna Gréasáin a bhí bainteach leis an Reifreann ar Chomhionannas Pósta.

Ar na buaicphointí bailithe eile bhí fáil leabhar nótaí Lámhscríbhinní Yeats, Páipéir Christopher Murray (cartlann den scoth a bhaineann go príomha leis an téatar nua-aimseartha Éireannach), Páipéir 'MacDermot of Coolavin' agus Páipéir M.J. Molloy.

Tá muintir Yeats ag gníomhú go fóirfláithiúil le roinnt mhaith blianta anuas maidir le hábhair a thabhairt mar bhrontanais don Leabharlann Náisiúnta. Rinneadh cur i gcrích ar chatalógú chnuasach leabhar WB Yeats féin sa bhliain 2015. Tá 2,525 leabhar ar áireamh ann.

Ar na buaicphointí catalógaithe eile bhí tosú chatalógú Chartlann Liam O'Leary, ar comhthionscadal le Cartlann Scannán na hÉireann é. Ábhar tábhachtach sa bhreis ó na cnusaigh de chuid Sheehy Skeffington, Roger Casement agus Alice Stopford Green a bhaineann le Deich mBliana na gCuimhneachán, rinneadh é a chatalógú freisin.

An Taifead Ar Líne a Chaomhnú: An Reifreann ar Chomhionannas Pósta, 2015



Is minic is cora cinniúna sa stair iad feachtais reifrinn agus toghcháin. Ós rud é go mbítear ag comhroinnt an oiread sin faisnéise ar líne, baineann ríthábhacht le cartlannú Gréasáin maidir lena chinntiú go gcoinnítear taifid bhuana de na cora cinniúna sin mar gurb í an fhírinne go n-imíonn suíomhanna Gréasáin ábhartha as radharc tar éis an lae vótála in amanna.

Ba í an cheist a cuireadh ar vótálaithe sa Reifreann ar Chomhionannas Pósta sa bhliain 2015 ná cé acu ba cheart nó nár cheart an méid seo a chur leis an mBunreacht: "féadfaidh beirt, gan beann ar a ngnéas, conradh pósta a dhéanamh de réir dlí". Thacaigh an Rialtas agus na mórpháirtithe polaitíochta leis an togra. An 22 Bealtaine 2015, d'éirigh Éire ar an gcéad tír a dhliteanaigh pósadh comhghnéis tar éis vóta poiblí a réachtáil. Ritheadh an togra le 62% de na vótaí sa reifreann. B'ionann an ráta vótála agus 61%. De bharr na láithreachta láidre ar líne a bhí ag na feachtais reifrinn, beart nádúrtha don NLI ba ea rochtain ar an taifead a chaomhnú agus a chinntiú do ghlúine le teacht.

Rinne an NLI 49 suíomh Gréasáin a shainaithint agus a chaomhnú, agus í ag gabháil suíomhanna inar léiríodh raon leathan na faisnéise agus an phlé. Áiríodh leo sin an suíomh nuálach 'Get the Boat 2 Vote', suíomhanna páirtithe polaitíochta agus suíomhanna oifigiúla reifrinn. Léiríodh suíomhanna tráchtareachta, aoire, nuachta agus anailíse freisin. Chuaigh an NLI i dteagmháil le húinéirí suímh go díreach chun a chur in iúl dóibh go raibh speis ag an Leabharlann ina suíomh Gréasáin a chartlannú agus, ina dhiaidh sin, d'oibrigh sí leis an [Internet Memory Foundation](#), an comhpháirtí cartlannaithe Gréasáin, chun léargas ar na suíomhanna a chartlannú idir an 23 Bealtaine agus an 25 Bealtaine 2015.

Is féidir gach ceann de na suíomhanna Gréasáin a rochtain ar líne i [gCartlann Ghréasáin an NLI](#) agus tugtar tuilleadh faisnéise ina leith ar shuíomh Gréasáin an NLI, lena n-áirítear liosta de gach suíomh i [mBailiúchán na Cartlainne Gréasáin ar an Reifreann ar Phósadh, 2015](#).

Clasaic Éireannach: An Chéad Dréacht de 'Juno and the Paycock' le Sean O'Casey

Fuair an NLI an chéad dréacht den dráma 'Juno and the Paycock' le Sean O'Casey ag ceant de chuid Sotheby's i mí na Nollag 2015. Fuarthas an lámhscríbhinn 62 leathanach le tairiscint teileafóin a rinneadh thar ceann an NLI i gceant leabhar uathúil in Manhattan. Ba é €174,484.25, gan CBL a áireamh, luach na tairisceana. Bhíothas in ann í a fháil mar gheall ar mhaoiniú leithdháilte speisialta a fuarthas ón Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta agus ó lontaobhas Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.

Léiríodh 'Juno and the Paycock' den chéad uair in Amharclann na Mainistreach sa bhliain 1924 agus meastar é a bheith ar cheann de dhrámaí iontacha an fichiú haois. Cuimsíonn an lámhscríbhinn dréacht lámhscríofa de Ghníomh I agus de Ghníomh II, píosaí de Ghníomh III, liostaí de na carachtair, nótaí agus achoimre ar an dráma. Is i leabhar nótaí scoile atá an scríbhinn ó lámh an údair. Tá an teideal 'Juno and the Peacock' ar an gclúdach tosaigh agus tá sí an-difriúil leis an leagan foilsithe. Ba le Robert S Pirie nach maireann an lámhscríbhinn. Bhí sé ina dhlíodóir Meiriceánach agus ar dhuine de na príomhbhailitheoirí leabhar ar domhan. Fuair sé bás i mí Eanáir 2015.



Tá taifid a bhaineann le téatar nua-aimseartha Éireannach agus le drámaíocht nua-aimseartha Éireannach i measc mhórsheoda bhailiúcháin an NLI. Chuir fáil na lámhscríbhinn sin feabhas breise ar an Leabharlann mar cheann scríbe le haghaidh staidéar a dhéanamh ar shaothar O'Casey. Téann sí i bpáirt leis na bailiúcháin shaibhre a chuimsíonn páipéir liteartha, déantáin chnusaigh phearsanta, déantáin deisce scríbhneoireachta agus déantáin eile.

Lá Suntaís do Ghinealas na hÉireann: Seoladh 'Cláir na bParóistí Caitliceacha ag an NLI'

Lá suntais do ghinealas na hÉireann a bhí sa Chéadaoin an 8 Iúil 2015. Rinne Enda Kenny, an Taoiseach, agus Heather Humphreys, an tAire Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta, 'Cláir na bParóistí Caitliceacha ag an NLI', ar stór nua Gréasáin de thaifid pharóiste é, a sheoladh go hoifigiúil ag ócáid speisialta sa Leabharlann.

Is leis an tréimhse ó na 1740í go dtí na 1880í a bhaineann na chéad chlár pharóistí Caitliceacha atá ar fáil. Taifeadtar báistí, póstaí agus roinnt básanna iontu agus meastar go bhfuil siad ar an aon fhoinsé faisnéise aonair is tábhachtaí ar stair theaghlaigh na hÉireann roimh Dhaonáireamh na bliana 1901. Ba le linn na 1950í agus na 1960í go príomha a chuir an Leabharlann Náisiúnta na taifid pharóiste ar micreascannán, agus í ag cruthú cóipeanna micreascannáin de níos mó ná 3,550 clár ó fhormhór mór na bparóistí Caitliceacha in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann. Roimh an mbliain 2015, ba ghá d'aon duine a raibh spéis aige sna taifid sin a rochtain cuairt a thabhairt i bpearsa ar an Leabharlann Náisiúnta.



Ciara Kerrigan, bainisteoir tionscadail ar dhigitiú na gclár paróiste, agus í ag taispeáint an stór nua Ghréasáin don Taoiseach Enda Kenny agus don Aire Heather Humphreys.

A bhuí le seoladh an tsuímh Ghréasáin registers.nli.ie, áfach, is ag daoine ar fud an domhain anois atá rochtain ar thaifid lena gclúdaítear 1,086 pharóiste ó gach cearn d'oileán na hÉireann. B'ionann an acmhainn nua Ghréasáin agus mórinfheistíocht i rannpháirtíocht leis an bpobal, leis an oidhreacht agus leis an diaspóra, agus cumasaítear léi do dhaoine a chónaíonn thar lear amharc ar na taifid gan aon bhacainní. Chomh maith leis sin, b'ionann an acmhainn nua Ghréasáin agus mórinfheistíocht i gclúdach digiteach an NLI, agus cuireadh lenár mbonneagar leabharlainne digití ag an am céanna. Baintear leas as cuid mhór teicneolaíochtaí foinse oscailte leis an acmhainn agus dearadh í chun bheith lánfhreagrúil agus inrochtana ar ghléasanna móibíleacha, táibléid agus deisce.

Bhí an tóir ar an suíomh le feiceáil go soiléir san úsáid sonraí le linn na bliana. Idir seoladh an tsuímh Ghréasáin i mí Iúil agus deireadh mhí na Nollag 2015, bhain 330,000 úsáideoir uathúil úsáid as agus amharcadh ar leathanaigh an tsuímh breis agus 5.5 milliún uair. D'amharc úsáideoirí as 172 thír ar an suíomh sa bhliain. Ba as na tíortha seo a leanas a tháinig an líon ab airde úsáideoirí: Éire, na Stáit Aontaithe, an Ríocht Aontaithe, an Astráil, Ceanada, an Nua-Shéalainn, an Spáinn, an Fhrainc, an Ghearmáin agus an Ísiltír.

Taispeántais

Rinne an NLI sé taispeántas a chur ar siúl nó a óstáil le linn na bliana 2015, agus iad á reáchtáil sna láithreacha i Sráid Chill Dara agus i mBarra an Teampaill.

1. Yeats: Saol agus Saothar William Butler Yeats

Tá daoine ag tabhairt cuairt ar taispeántas WB Yeats sa Leabharlann Náisiúnta – taispeántas a bhfuil duaiseanna bronnta air – ón mbliain 2006 i leith. Ní hé amháin go dtaispeántar bailiúchán Yeats atá i seilbh an NLI ann – arb é an bailiúchán is fairsinge ar domhan de pháipéir, de lámhscríbhinní, d'imleabhair agus de mhíreanna cuimhneacháin de chuid WB Yeats é – ach tugtar cuntas sa taispeántas ilmheán seo freisin ar shaol an fhir iontaigh seo ar bronnadh duais Nobel sa litríocht air.

Ar mhaithe le comóradh 150 bliain bhreith WB Yeatsa shonrú sa bhliain 2015, cuireadh léamha nua ag rannpháirtithe sa chomórtas aithrise rainn Filíocht os Ard leis an gcuid “Rann agus Fís” den taispeántas. Comhlánaíodh iad le balla nua “An Dán is Fearr Liom” freisin, áit ar féidir le gach cuairteoir taifead a fhágáil ar an dán is fearr leo féin.



Tugadh 66,808 gcuart ar an taispeántas sa bhliain 2015. B'ionann é sin agus méadú 6% ar an bhfigiúr sa bhliain 2014.

2. Éire le linn an Chéad Chogaidh Dhomhanda: Eispéireas na hÉireann a Iniúchadh

Osclaíodh an taispeántas ‘Éire le linn an Chéad Chogaidh Dhomhanda’ ag an NLI an 20 Samhain 2014, le tacaíocht ó mhaoiniú ó Ambasáid na Breataine in Éirinn. Díritear sa taispeántas ar na gnéithe uathúla d'Eispéireas na hÉireann le linn an Chéad Chogaidh Dhomhanda. Agus déantáin, cuntais phearsanta agus cuntais finné súl le fáil sa taispeántas, tugtar mionléargas ann do chuairteoirí ar shaol na ndaoine a bhí páirteach sa Chéad Chogaidh Domhanda.

Cuireadh modúl nua ‘Bearta Deacra in Am an Éigin’ leis an taispeántas sa bhliain 2015. Insíodh scéal na bliana 1915 sa mhodúl sin, bliain inar úsáideadh modhanna foircneacha chun an tsáinn a shárú agus chun deireadh a chur leis an gcogadh. Díríodh ann ar dhá imeacht mhóra a chuaigh i bhfeidhm ar Éireannaigh thar lear agus sa bhaile, ba iad sin: Feachtas Gallipoli agus Bá an Lusitania.



Tugadh breis agus 50,000 cuairt ar an taispeántas le linn na bliana 2015.

3. Midland - Lár Tíre: Dul feadh Iarnród Mór an Láir Tíre agus an Iarthair ar Rothar ón am atá thart go dtí an lá atá inniu ann

Bhí Midland - Lár Tíre ina taispeántas dátheangach ilmheán (Gaeilge agus Béarla) le Pamela de Brí, ealaíontóir, agus chuimsigh sé grianghraif, gearrthóga fuaime, léarscáileanna, físeáin, leabhair nótaí agus dealbha. Taifeadadh sa taispeántas iar-Iarnród Mór an Láir Tíre agus an Iarthair mar a fuair Pamela é idir na blianta 2011 agus 2013.



Ba le Bailiúchán Grianghrafadóireachta O'Dea i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann a spreagadh an taispeántas. Ba é James O'Dea (1910-1992), taistealaí tráchtála agus grianghrafadóir amaitéarach, a chuir Bailiúchán O'Dea le chéile. Ba é duine de bhunaitheoirí Chumann Taifead Iarnróid na hÉireann sa bhliain 1946. Is é atá i mBailiúchán Grianghrafadóireachta O'Dea ná 5,400 grianghraf dubh agus bán lena dtaifeadtar stair na n-Iarnród in Éirinn idir na blianta 1937 agus 1977. Tá bailiúchán iomlán O'Dea digitithe ag an NLI anois agus is féidir amharc air saor in aisce ag www.nli.ie.

Bhí an taispeántas ar siúl sa Chartlann Náisiúnta Ghrianghrafadóireachta idir an 9 Eanáir agus an 24 Bealtaine 2015 agus tugadh cuairt air 17,000 uair, beagnach, le linn na tréimhse sin.

4. Grianghraif Chéimithe DIT 2015

Rinne céimithe an chúrsa BA sa Ghrianghrafadóireacht i Scoil na Meán in Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath an taispeántas deireadh bliana dá gcuid a réachtáil sa Chartlann Náisiúnta Ghrianghrafadóireachta. Is í Dragana Jurisic, grianghrafadóir agus ealaíontóir, a d'oscail an taispeántas Dé Máirt an 2 Meitheamh agus bhí sé ar siúl go dtí an 28 Meitheamh.

Tugadh 3,640 cuairt ar an taispeántas agus é ar siúl.

5. Portráidí de na Daoine Dearmadta: na hÉireannaigh sa Chéad Chogadh Domhanda

I mí an Mhárta 2012, réachtáil Leabharlann Náisiúnta na hÉireann an chéad cheann de roinnt Seónna Bóthair in Éirinn um an gCéad Chogadh Domhanda. Tugadh cuireadh do theaghlach míreanna pearsanta atá bainteach leis an gCéad Chogadh Domhanda a thabhairt lena gcatalógú agus lena ndigitú, a scéalta teaghlach faoin gcogadh sin a insint agus cead a thabhairt na míreanna digitithe a chur leis an gcartlann Eorpach ar líne (<http://www.europeana1914-1918.eu>). Tugadh deis do dhaoine lena linn cuimhneamh ar a ngaolta agus a scéal a insint don mhórdhomhan.



Sa phictiúr ag seoladh 'Portráidí de na hÓglaigh Dhearmadta' an 22 Iúil 2015: Carole Budd Cullen, garíníon le Charles Budd atá le feiceáil sa taispeántas, agus Dominick Chilcott, a Shóisle, Ambasadóir na Breataine d'Éirinn.

Ba sa taispeántas seo ag an gCartlann Náisiúnta Ghrianghrafadóireachta, ar taispeántas é a réachtáladh i gcomhpháirt le hAmbasáid na Breataine in Éirinn, a cuireadh na grianghraif a bailíodh le linn na seónna bóthair i láthair. Íomhánna de shaighdiúirí agus d'oibrithe leighis, d'altraí agus de shínteánaithe, de thiománaithe agus de rothaithe, de mhairnéalaigh agus de phíolótaí, bhí siad ag gabháil le scéalta a raibh teaghlach na ndaoine sin ag cuimhneamh go caoin orthu le blianta fada. Le taifeadtaí fuaime a cruthaíodh go speisialta don taispeántas, cuireadh beocht sna focail a scríobh rannpháirtithe sa Chogadh ina litreacha, ina gcártaí poist agus ina ndialanna.

Bhí Portráidí de na hÓglaigh Dhearmadta ar siúl sa Chartlann Náisiúnta Ghrianghrafadóireachta ó mhí Iúil 2015. Thug níos mó ná 20,000 duine cuairt ar an taispeántas.

6. “Dóchas le linn an Chogaidh Mhóir”, 1914 - 1918

I gcomhpháirt leis an Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta, d’óstáil an Leabharlann Náisiúnta an taispeántas taistil “Dóchas le linn an Chogaidh Mhóir” le hInstitiúid Náisiúnta Ríoga Bád Tarrthála na Breataine Móire agus na hÉireann. Bhí an taispeántas ar siúl i bpríomh-halla an NLI i mí na Bealtaine agus i mí an Mheithimh 2015.



Taispeántais Taistil

Tá rogha taispeántas i bhformáid taistil ar fáil ag an NLI. Agus iad ina meirgí faisnéise anuas, tá siad tógtha ó iarthaispeántais de chuid an NLI nó ó iniúchadh téamach ar ábhar atá ar fáil inár gcuid taispeántas, idir scéal an araltais, bhronnadh armais, agus eispéireas na hÉireann ar an gCéad Chogadh Domhanda. Is féidir liosta iomlán a fháil ar an suíomh Gréasáin de na taispeántais taistil uile atá ar fáil faoi láthair.

Sa bhliain 2015, tugadh na taispeántais chuig 13 láthair ar fud na hÉireann agus ar fud an domhain, lenar áiríodh Teach Altranais Gharrán Chill Iníon Léinín agus Ambasáid na hÉireann i mBúdaipeist. I measc na láithreacha eile ar tugadh na taispeántais chucu, bhí Caisleán Inis Córthaidh, Caisleán Chill Chainnigh agus Caisleán Bhaile Átha Luain, mar aon le scoileanna agus le leabharlanna. Ba í 2015 an chéad bhliain inar óstáil Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe-Maigh Eo taispeántas freisin.



Bailiúcháin atá ar Iasacht ón NLI

Tugann an NLI míreanna bailiúcháin ar iasacht d’fhorais chultúir in Éirinn agus thar lear le haghaidh taispeántais shealadacha. Sa bhliain 2015, tugadh ábhar ónár gcuid bailiúchán ar iasacht do chúig thaispeántas dhifriúla.

Tugadh priontaí, líníochtaí agus ábhar gearrshaolach ó Bhailiúcháin Speisialta na Leabharlainne ar iasacht dóibh seo a leanas: Ard-Mhúsaem na hÉireann don taispeántas ‘Cluain Tarbh 1014: Brian Bóramha agus an Cath le haghaidh Bhaile Átha Cliath’; Gailearaí Hugh Lane don taispeántas ‘Hugh Lane (1875-1915): Oidhreacht agus Cailliúint Bhaile Átha Cliath’; Dánlann Náisiúnta na hÉireann don taispeántas ‘Ar Srachféachaint: Portráidí le John Butler Yeats’.

Tugadh ábhar ó Bhailiúchán Christy Brown a bhí sa Bhailiúchán Lámhscríbhinní ar iasacht do Mhúsaem Beag Bhaile Átha Cliath do thaispeántas Christy Brown a bhí ar siúl aige. Chomh maith leis sin, tugadh dathanna Reisimintí na Briogáide Éireannaí, a coinníodh sa Séipéal Ríoga i gCaisleán Bhaile Átha Cliath roimhe sin, ar iasacht do Chaisleán Bhaile Átha Cliath don taispeántas ‘Buaicphointí, Mustar agus Cráifeacht’ Tugadh an scannán ‘The Promise of Barty O’Brien’ ar iasacht d’Institiúid Scannán na hÉireann le haghaidh sraith scannán a rinneadh i gContae Laoise agus faoin gContae a chur i láthair.


Imeachtaí agus For-rochtain

Reáchtálann an NLI clár fairsing imeachtaí agus deiseanna foghlama ar bhonn leanúnach lena gcuimsítear turais, ceardlanna, léachtaí, imeachtaí ginealais, taibhithe agus gníomhaíochtaí atá dírithe ar an teaghlach. Bíonn raon roghanna ann a fhreastalaíonn ar gach duine, beag beann ar aois. Bíonn siad ar siúl le linn an lae, sa tráthnóna agus ag an deireadh seachtaine.

D'fhreastail 15,859 nduine ar imeachtaí a reáchtáil an NLI sa bhliain 2015. Áiríodh leo sin 4,000 duine a d'fhreastail ar an Oíche Chultúir i mí Mheán Fómhair agus na daoine a ghlac páirt sna réamhbhabhtaí réigiúnacha den chomórtas Filíocht os Ard. Mealladh 4,219 rannpháirtí eile le turais phoiblí, le turais / cheardlanna scoile agus le cuairteanna tríú leibhéal.

Ba í mí Mheán Fómhair an mhí ba ghnóthaí ó thaobh imeachtaí de. D'fhreastail 4,706 dhuine ar imeachtaí an NLI an mhí sin. Ba iad mí Dheireadh Fómhair (1,599 gcuairt) agus mí an Mheithimh (1,464 chuairt) na míonna ba ghnóthaí ina dhiaidh sin.

Staitisticí freastail de réir míosa, 2015



Buaicphointí Imeachta

Ba mar seo a leanas a bhí roinnt de na buaicphointí imeachta ón mbliain 2015:

Cuairt ó Chomhchoiste Oireachtais agus ón gCoiste um Chuntais Phoiblí

Thug roinnt comhaltaí den Chomhchoiste Oireachtais um Chomhshaol, Cultúr agus Gaeltacht agus roinnt comhaltaí den Choiste um Chuntais Phoiblí cuairt ar an Leabharlann Náisiúnta Dé Céadaoin an 25 Feabhra chun iniúchadh a dhéanamh ar an raon seirbhísí a chuireann an NLI ar fáil agus ar na dúshláin a bhaineann le maoirseacht a dhéanamh ar bhailiúcháin fhairsinge ilchineálacha. D'amharc an grúpa ar limistéir dhifriúla ar fud fhoirgneamh an NLI, lenar áiríodh na bailiúcháin nuachtán, agus tugadh cur i láthair speisialta dó ar an mbailiúchán ábhair ghearr-shaolaigh pholaitiúil atá i seilbh na Leabharlainne.



Na bailiúcháin nuachtán á n-iniúchadh le linn na cuairte.

Tionscadal agus Ceolchoirmeacha Cheiliúr na nÉan

Ba iad Aostacht agus Deis/Bealtaine 2015 a choimisiúnaigh Tionscadal Cheiliúr na nÉan agus is iad Michael Fortune agus Aileen Lambert a léirigh é. Bhí sé ina thionscadal taighde agus taibhithe a chuimsigh ceoltóirí traidisiúnta agus bailiúcháin na Leabharlainne Náisiúnta.

Bhí cúig cheolchoirm speisialta ar siúl ar fud na tíre, agus ghlac 15 chiorcal amhránaíochta traidisiúnta, ó Loch Garman go Doire, páirt iontu trí oíche cheiliúr na n-éan dá gcuid féin a óstáil. Bhí foireann uathúil ceoltóirí páirteach i ngach ceolchoirm. Rinne an Leabharlann Náisiúnta óstáil ar dhá cheolchoirm. Dé Céadaoin an 6 Bealtaine, chuimsigh Ceolchoirm Laighean Paddy Berry, Phil Berry, John O'Byrne, Mary O'Brien, Alannah O'Kelly, Gerry Cullen agus Páidrigín Ní Uallacháin, agus, Déardaoin an 7 Bealtaine, chuimsigh Ceolchoirm Bhaile Átha Cliath Luke Cheevers, Niamh Parsons, Francy Devine, Tony McGaley, Tom Finn, Eugene McEldowney agus Anne Buckley.



Taibheoirí ag ceann de cheolchoirmeacha Cheiliúr na nÉan san NLI.

Yeats 2015

B'ionann an bhliain 2015 agus comóradh 150 bliain WB Yeats, agus reáchtáladh clár náisiúnta agus idirnáisiúnta imeachtaí Yeats2015 chun an comóradh a shonrú. Cheiliúir an Leabharlann Náisiúnta breithlá an fhíle, an 13 Meitheamh, ach imeachtaí liteartha a chur ar siúl ar feadh na míosa, lenar áiríodh cainteanna am lóin, léachtaí agus díospóireacht phainéil; taibhithe ceoil agus amharclainne; léamha filíochta; agus turais phoiblí ar thaispeántas Yeats.

Ag teacht sna sála ar an gcéad imeacht, ar léacht ón Ollamh Jerusha MacCormack é, bhí Léacht Bhliantúil Joseph Hassett/Yeats 'Players and Painted Stage: Drámaíocht i Saol Yeats' le Roy Foster, Ollamh Carroll i Stair na hÉireann in Ollscoil Oxford. Ghlac an tOllamh Foster páirt i ndíospóireacht phainéil ar Yeats 150 mar chuid den tsraith Scoileanna Scairte ar reáchtáil Stair Éireann í.

Ceiliúradh breithlá Yeats ó 2pm go 4pm ach clár saor in aisce a chuimsigh ceol beo fliúite, cláirsí agus dordveidhle a chur ar siúl i halla tosaigh galánta na Leabharlainne. Léigh daltaí ón gcomórtas Filíocht os Ard rogha dánta de chuid Yeats lena linn. Is é Niall MacMonagle a d'oscail an ceiliúradh.

Reáchtáladh taibhithe ceoil agus drámaíochta le Compántas Téatair an Chrotaigh, i measc grúpaí eile, chun an mhí a dhúnadh.



Ceol san NLI do Lá Yeats 2015.

Dearcthaí ar Gallipoli: Seimineár

Rinneadh seimineár speisialta inar díríodh ar fheachtas Gallipoli le linn an Chéad Chogaidh Dhomhanda a reáchtáil sa Leabharlann Náisiúnta an 14 Samhain. Is é Tom Burke ó Chumann Fiúsailéirí Ríoga Bhaile Átha Cliath a stiúir an seimineár agus chuir cúigear cainteoirí dearcthaí difriúla in iúl lena linn ar fheachtas Gallipoli agus ar ar tharla ina dhiaidh. Le linn an tseimineáir, a bhí ar siúl os comhair léachtlann phlódaithe, fuarthas cur i láthair speisialta ó na daoine seo a leanas: Necip Egüz, Ambasadóir na Tuirce; Philip Orr, staraí; David Davin-Power, craoltóir; an Dr Jennifer Wellington, acadóir; agus Neale Rooney, taighdeoir.

I dTreo na Bliana 2016



An Halla Tosaigh an 7 Nollaig 2015 le linn na hócáide speisialta chun clár an NLI don bhliain 2016 agus Bailiúcháin Dhigiteacha na Bliana 1916 a sheoladh.



Amharcann Eamonn Ceannt, garnia Éamonn Ceannt, duine de Shínitheoirí an Fhorógra, ar ghrianghraf d'Áine Ceannt agus í in éineacht le Rónán, a mac.

Tráthnóna Dé Luain an 7 Nollaig 2015, sheol an NLI Bailiúcháin Dhigiteacha na Bliana 1916 agus sonraí faoin gclár don bhliain 2016.

Is í Heather Humphreys, an tAire Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta, a stiúir an ócáid, agus í ag fógairt sonraí faoi stór digiteach uathúil lena n-insítear scéalta na ndaoine a shínigh Forógra na bliana 1916. Bhí roinnt sliochtach de chuid shínitheoirí an Fhorógra i láthair freisin.

Is é an Dr John Bowman a d'oscail an ócáid, agus í ar siúl i Halla Tosaigh an NLI. Chuimsigh an ócáid ceol, fortheilgin bheoite d'íomhánna portráide agus suiteáil ghalánta solais ar na colúin agus ar an tsíleáil.

Obair an NLI le Comhpháirtithe Seachtracha

Trí obair i gcomhpháirt, cuirtear ar chumas an NLI a láidreachtaí agus a saineolas féin a chomhcheangal le láidreachtaí agus le saineolas a cuid eagraíochtaí is comhpháirtithe. Bliain an-ghníomhach ina leith sin a bhí sa bhliain 2015. Ghlac an Leabharlann páirt i gclár fairsing comhpháirtíochta agus rannpháirtíochta ar fud na hÉireann.

Gné thábhachtach d'obair comhpháirtíochta an NLI sa bhliain 2015 ba ea gníomhaíocht a bhain le Deich mBliana na gCuimhneachán. D'oibrigh an Leabharlann go dlúth le RTÉ ar an ócáid Road to the Rising dá cuid, a bhí ar siúl an Luan Cásca in Ard-Oifig an Phoist. Reáchtáil an Leabharlann lá rannpháirtíochta poiblí bunaithe ar míreanna cuimhneacháin a bhí i seilbh phríobháideach mar chuid den ócáid. Níos déanaí sa bhliain, d'oibríomar i gcomhpháirt le 'Éire a Spreagadh', ar comhthionscadal é idir Taisclann Dhigiteach na hÉireann agus na forais chultúir, ar shraith tionscnamh chun ábhair a bhaineann le heachtraí 1916 agus atá i seilbh an phobail a bhailiú. Le linn na bliana, thacaíomar le Century Ireland, an nuachtán staire ar líne, a fhorbairt ach ábhar a chur ar fáil ónár mbailiúcháin dhigitithe. Chuireamar tús le comhpháirtíochtaí eile atá dírithe ar bhailiúcháin freisin, lenar áiríodh ceann amháin le hInstitiúid Scannán na hÉireann. Is é atá i gceist leis an gcomhpháirtíocht sin ná tionscadal comhoibríoch chun Cartlann Scannán Liam O'Leary a phróiseáil, a chaomhnú agus a chatalógú agus í a chur ar fáil don phobal chun críocha taighde.

Agus sinn ag obair i gcomhar le féilte agus le cláir náisiúnta, neartaítear teachtaireacht na Leabharlainne agus méadaítear ár dtionchar ar fud na hÉireann. Áiríodh leis an obair sin sa bhliain 2015 obair a dhéanamh i gcomhar ar mhaithe le Seachtain na bhFoghlaimeoirí Fásta, an tionscnamh 'Baile Átha Cliath: Cathair Amháin, Leabhar Amháin', Bealtaine, Yeats2015, Seachtain na hOidhreachta agus Oíche an Chultúir a sholáthar. Chomh maith leis sin, rinneamar rannchuidiú maidir le féilte agus le cláir ar fud na tíre, Féile Ealaíon Chaisil ina measc.

Leanamar de bheith ag obair leis an gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, ar Ionad Ulysses a fhorbairt, ní is díol spéise liteartha nua atá lonnaithe i dTeach Newman. I mí Dheireadh Fómhair, fógraíodh taispeántas Shéamus Heaney a bheadh le cur i láthair ag an Leabharlann Náisiúnta san fhoirgneamh de chuid Bhanc na hÉireann ar Fhaiche an Choláiste mar chuid de chomhpháirtíocht ollmhór leis an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta agus leis an mBanc. Chuir Músaem Beag Bhaile Átha Cliath taispeántas i láthair a bhí bunaithe ar Chartlann Christy Brown, rud a chuimsigh an bailiúchán a cheannaíomar i gcomhar le chéile sa bhliain 2014.

Chuir obair chomhoibríoch lenár rannpháirtíocht ar fud na hearnála oideachais chomh maith. I gcomhpháirt le hOideachas Aosach UCD, d'óstálar sraith cúrsaí oideachais aosach inar baineadh leas as bailiúcháin na Leabharlainne. Agus sinn ag obair le hÉigse Éireann, d'eagraíomar Filíocht os Ard, an comórtas aithrise filíochta uile-oileáin d'iar-bhunscoileanna, freisin. Bhí níos mó ná 1,800 duine páirteach sa chomórtas sa bhliain 2015.

Chuir rannchuidiú ónár gcuid comhpháirtithe lenár gclár freisin. Áiríodh leis sin an tacaíocht fhlaithiúil a thug Joseph Hassett don léacht bhliantúil ar Yeats agus an cistiú a fuarthas ó Ambasáid na Breataine in Éirinn do roinnt gnéithe dár gcuid oibre ar eispéireas na hÉireann le linn an Chéad Chogaidh Dhomhanda, lenar áiríodh dhá thaispeántas agus seimineár poiblí saor in aisce ar Gallipoli.



James Harte, an NLI, in éineacht le muintir Brady agus míreanna cuimhneacháin ag an ócáid Road to the Rising in Ard-Oifig an Phoist an Luan Cásca.



Sa phictiúr: an Dr Sandra Collins, Stiúrthóir an NLI, in éineacht le Alice Magorrian, Kevin Fitzpatrick agus Nuala Whittle, buaiteoirí an chomórtais Filíocht os Ard sa bhliain 2015.




Sa phictiúr ag fógairt taispeántas Shéamus Heaney: an tAire Heather Humphreys, an Dr Sandra Collins, Mick Heaney agus Richie Boucher.

Tacú leis an NLI

Ó bunaíodh í sa bhliain 1877 i leith, tá tacaíocht iontach faighte ag Leabharlann Náisiúnta na hÉireann i riocht tabhartais airgid agus bronnánais ábhair, nithe a chuir ar a cumas a bheith ar an stór is mó ar domhan le haghaidh stair agus oidhreacht na hÉireann. Tá beagnach gach ceann de sheirbhísí, d'imeachtaí poiblí agus de chlár an NLI ar oscailt saor in aisce don phobal agus tá boscaí tabhartais lonnaithe ar fud fhoirgnimh an NLI mar thaca leis an gclár leanúnach oibre.


Anuas air sin, bunaíodh lontaobhas Leabharlann Náisiúnta na hÉireann chun freastal a dhéanamh ar fhlaithiúlacht na ndaoine sin ar mian leo rud éigin a bhronnadh ar an Leabharlann trí thabhartas airgid nó trí thiomnacht. Is comhlacht ceadaithe é lontaobhas Leabharlann Náisiúnta na hÉireann laistigh den chiall atá le halt 484 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, rud a chiallaíonn go bunúsach go bhfuil tabhartais don lontaobhas in-asbhainteach ó thaobh cánach, faoi réir coinníollacha áirithe. Is féidir sonraí iomlána faoi choinníollacha a aimsiú ar www.revenue.ie.

D'fhoill tuilleadh faisnéise faoin lontaobhas a fháil, déan teagmháil le Leabharlann Náisiúnta na hÉireann ach ríomhphost a sheoladh chuig nlitrust@nli.ie nó glao a chur ar 00353-1-6030244.



Cnuasach Griffin

Ba mhaith linn aitheantas ar leith a thabhairt do bhronntanas eile leabhar lena bpléitear le láithreach na nÉireannach i Meiriceá ón 18ú haois go dtí an lá atá inniu ann, rud a bhronn an tUas. Stephen Griffin orainn. Ba i ndilchuimhne ar Anna Veronica agus Joseph Leo Griffin a thug Stephen Griffin an cnuasach don NLI. Táimid an-bhuíoch den Uas. Griffin as an mbronntanas, rud ar mórachmhainn sa réimse tábhachtach sin é. Is é atá i gCnuasach Griffin de Leabhair agus d'Ábhair a bhaineann le hEispéireas na nÉireannach i Meiriceá ná níos mó ná sé mhíle mír, a lán míreanna annamha agus gearrshaolacha ina measc.



Bronntóirí 2015

Gabhann an NLI buíochas leis an tacaíocht fhlaithiúil a thug a bronntóirí sa bhliain 2015. Ba mhaith linn buíochas a ghabháil leo as na bronntanais luachmhara a thug siad don Leabharlann, ar bronntanais iad a shaibhrigh na Bailiúcháin Náisiúnta go mór.

Irisleabhar AgendaNi

John Aher

Hanan Hassan Al-Khalifa

Allotrope Press

June Armstrong

An Dr John Ashdown-Hill

An Músaem Ashmolean

Cumann Staire Bhaile na Scríne

Mary Bateman agus muintir Friel

Acadamh Ríoga Bhéal Feirste

Simon Berry

Bruce agus Linda Bidwell

Leif Bodnarchuk

René Böll

Ann Bouch

The Braid (Músaem Aontroma Láir)

Larry Breen

Susan Brind agus Jim Harold

Patricia Brock

Vincent Brogan

An tOllamh Dario Calimani

Ian Campbell

Rory Campbell

Mary Casey

Frances Conlon

Frances Corkery Thompson

Joseph Cosgrave

An Dr James T Covert

Sheila M Craik

Clara Cullen

Joe Curtis

Jane d'Arcy

Alice Mary Dee

Noel Donnellon

James Doyle (Turnpike Books)

Eamonn Duffy

Caroline Dwyer

Emain Publications

Brian Farrington

Forbairt Feirste

Alex Findlater

Wayne Fitzgerald

Bill Foley

Folio Society

Charles Foster

Laurence Foster

An Dr Andrew Galwey

Wilbert Garvin

GLEN - an Lónra Comhionannais do Dhaoine Aeracha agus Leispiacha

Maureen Gill-Sharp

Goa Association, an Ríocht Aontaithe

Richard Gregory

David J Griffin

Stephen Griffin

Robert Grumbacher

Adolphe Haberer

Keith Haines

C K Hall

Anthony Hand

Ronnie Harkness

An tOllamh Margaret Harper agus Ann Christian Harper

Avril Harris

Dan Harvey

Harry Havelin

Anna Hayes

Margaret Hayes

Gerald A Hearne

Vicky Herbert

Richard Humphreys

Pearl Hutchinson

Keith Inman

Músaem an Ghorta Mhóir (Quinnipiac University Press)

Noel Jenkins

Cheryl F Jensen

Karolinum Press

Hannah Keating

Dennis Kennedy (Ormeau Books)

Joseph Kennedy

Colum Kenny

Robert Kerr

Deirdre Kilmurry

Sean Kinsella

Lagan Construction

Lagan Press

Lapwing Publications

Laurence Lennan

An tAth. Patrick Leonard

Lucian Blaga University Press

Frankie McCarron

Muintir MacDermot

Pat McErlean
 John Michael McEvoy
 John McKee
 Paul B McNulty
 An Dr Philip Maddock
 Marriage Equality
 Coimisiún Staire Deoise Melbourne
 Dermot Meleady
 Adrian Monaghan
 William Monaghan
 Enrique Morata
 Brian (Barry) Murphy
 Carson Murphy
 Christopher Murray
 Judy Murray
 An Gailearaí Náisiúnta Portráidí, Londain
 Elizabeth L Nichols
 David Norris
 James O'Brien (Smenos Publications)
 Honor Ó Brolcháin
 Dónall Ó Buachalla Architects
 Brendan O'Donoghue
 Gréagoir Ó Dúill
 Patrick O'Flanagan
 Sláine O'Hogain
 Donall Ó Luanaigh
 Micheál Ó Súilleabháin
 Mark O'Sullivan
 Richard Palmer
 Letitia Parker
 Eilish MacCurtain Pearce
 Pretoria University Law Press, an Afraic Theas
 Oifig Taifead Poiblí Thuaisceart Éireann
 Gregory Raftery
 Cumann Staire Bhaile Raghnaill
 Matthew Russell
 An Dr Jim Ryan
 Thomas Ryan
 Jonathon Riley
 Club Gailf Ríoga Chontae an Dúin
 Hans-H Schiesser
 Clive Scoular
 Perry Share
 Mary Smith
 Elizabeth Smyth

Anne Spillane thar ceann Gretta Kelly (nach maireann)
 Spectrum Centre
 Jill Steer
 Sarah Strong
 Martin A Timoney
 Robert Towers
 An Institiúid um Cheartas Idirthréimhseach, Ollscoil Uladh
 Brian S Turner
 Institiúid Uladh um Thaighde Sóisialta
 Gnómhaireacht na hUltaise
 Lónra Pobail na hUltaise
 University of Wisconsin Press
 Vital Nutrition Limited
 Jennifer Wallace
 An tSiúr Constance Warde
 West Church, an Baile Meánach
 James C Wilder
 Wilfried Martens Centre for European Studies
 Gnómhaireacht Acmhainní agus Forbartha na mBan
 Yale University Press







*Leabharlann
Náisiúnta
na hÉireann*

National Library
of Ireland

www.nli.ie